



Struchtúr agus Rialachas: Stiúrthóirí Cuideachta

Bileog Faisnéise Uimhir. 36 / Aibreán 2019

Rabhadh

Is nótaí ginearálta iad seo. I gcásanna sonracha d'fhéadfadh sé nár mhór duit dul i ndáil chomhairle le do chomhairleoir gairmiúil (m.sh. rúnaí cairte, aturnae, cuntasóir, srl). Cé go bhfreagróidh fioreann an CRO ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat a bhaineann leis na doiciméid nach mór do chuideachta a chomhdú leis an Oifig, ba chóir duit dul i gcomhairle le do chomhairleoir gairmiúil má tá cabhair bhreise de dhíth maidir le dualgais stiúrthóra nó leis an dlí cuideachtaí i gcoitinne.

1. Cáilíocht le haghaidh ceapacháin mar stiúrthóir

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, ní mór don mhéid seo a leanas a bheith amhlaidh maidir le stiúrthóir cuideachta:

- ní féidir leis nó léi a bheith faoi bhun **ocht mbliana déag d'aois**. (Alt 131). Tá aon cheapadh mionaoisigh mar stiúrthóir ar neamhní agus scoirfidh an mionaoiseach den chumhacht a bheith aige nó aici chun gníomhú mar stiúrthóir.
- ní féidir gur comhlacht corpraithe an stiúrthóir. (alt 130)
- ní féidir gur féimheach neamh-urscaoilte an stiúrthóir. (alt 132).
- ní féidir leis nó léi a bheith ina stiúrthóir ar níos mó ná 25 chuideachta mura bhfuil na cuideachtaí eile sin díolmhaithe*. (alt 142).
- ní féidir go bhfuil sé nó sí dícháilithe (alt 160 d'Acht na gCuideachtaí 1990 nó Caibidil 4 de Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí 2014).

Teorainn 25 chuideachta

*Áirítear le cuideachtaí díolmhaithe, maidir leis an rial 25 chuideachta:

- CPTanna (cuideachtaí poiblí teoranta),
- Cuideachtaí a bhfuil Foirm B67 cláraithe acu (ráiteas go bhfuil nasc réadach agus leanúnach ag an gcuideachta le gníomhaíocht eacnamaíochta amháin nó níos mó atá á seoladh sa Stát).
- I gcás ina bhfuil foirm B68 comhdaithe, tá an chuideachta sin díolmhaithe freisin. Is ionann an fhoirm B68 agus ráiteas go bhféadfar an chuideachta a dhíolmhú toisc go bhfuil ceadúnas aici faoi alt 9 d'Acht an Bhainc Ceannais 1971, nó toisc gur cuideachta í a thagann faoi fhorálacha Sceideal 5 a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Meastar gurb aon chuideachta amháin iad cuideachta shealbháochta agus a fochuideachtaí chun críocha alt 142.

Dícháiliú thar lear

Ceanglaítear ar aon duine atá á cheapadh nó á ceapadh ina stiúrthóir ar chuideachta atá cláraithe in Éirinn foirm B74 a chomhlánú, sa chás ina bhfuil an duine sin dícháilithe i láthair na huaire i ndlínse eachtrach ó ghníomhú mar stiúrthóir nó rúnaí ar chomhlacht corpraithe nó ar ghnóthas. Leagtar amach san fhoirm B74 an dlínse ina bhfuil an duine sin dícháilithe amhlaidh, an dáta ar ar dícháilíodh é nó í, agus an tréimhse dá bhfuil sé nó sí dícháilithe amhlaidh.

Más rud é go bhfuil an té a bhfuil a cheapadh nó a ceapadh mar stiúrthóir á chur in iúl don CRO ar an bhFoirm B10 dícháilithe thar lear i láthair na huaire, ní mór don duine sin a chinntiú go mbeidh foirm B74 atá comhlánaithe go cuí agus sínithe aige nó aici ag gabháil leis an bhfoirm B10 tráth a seachadta ar an CRO.

Ní mór **Foirm B74a** a chomhlánú i gcás duine atá ceaptha cheana mar stiúrthóir ar chuideachta atá cláraithe in Éirinn a theacht chun a bheith dícháilithe i ndlínse eachtrach tar éis an fhógra ceapacháin.

2. An líon íosta stiúrthóirí / an ceanglas go mbeadh cónaí ar stiúrthóir amháin sa LEE

Ceanglaítear ar gach cuideachta 2 stiúrthóir a bheith aici. Tá eisceacht amháin ina leith sin agus is í sin an cineál cuideachta TEO a chláraítear faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Is féidir stiúrthóir amháin a bheith ag an gcineál cuideachta sin más inmhianaithe é sin.

Ní mór beirt stiúrthóirí a bheith ag gach cineál eile cuideachta – cuideachtaí poiblí, CGAanna (Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe), cuideachtaí neamhtheoranta agus cuideachtaí ráthaíochta.

Ba chóir go mbeadh stiúrthóir ag gach cuideachta a bhfuil cónaí air nó uirthi sa LEE (Limistéar

Eorpach Eacnamaíoch). (Alt 137). Ní leor stiúrthóir uainíochta chun ceanglais an ailt a chomhlíonadh. Tá eisceachtaí ann.

- Ní bhaineann an ceanglas seo le cuideachta a bhfuil banna (€25,000) i bhfeidhm aici.
- Níl feidhm ag an riachtanas cónaitheachta maidir le cuideachta a bhfuil deimhniú aici faoi alt 140 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Baineann an deimhniú sin, a ndéantar iarratas air ar fhoirm B67, le cuideachta a bhfuil nasc réadach agus leanúnach aici le gníomhaíocht eacnamaíochta amháin nó níos mó atá á seoladh sa Stát).

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an gceanglas nach mór cónaí a bheith ar stiúrthóir amháin ar a laghad den chuideachta sa LEE, féach Bileog Faisnéise Uimh 17, "Ceanglas chun Stiúrthóir a Chónaíonn i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith ag Cuideachta".

3. Oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí

3.1. Gach cuideachta, cibé acu an bhfuil sí i mbun trádála nó nach bhfuil, ní mór di tuairisceán bliantúil a chomhdú leis an CRO tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta tuairisceáin bhliantúil reachtúil. Féadfar dáta tuairisceáin bhliantúil gach cuideachta a sheiceáil saor in aisce ar shuíomh gréasáin an CRO ag www.cro.ie/search

Ní mór do stiúrthóir cuideachta a chinntiú go ndéanfar tuairisceán bliantúil thar ceann na cuideachta a sheachadadh ar an CRO. Is ionann an tuairisceán bliantúil (Foirm B1) agus doiciméad ina leagtar amach faisnéis fhorordaithe áirithe i leith na cuideachta.

Ní mór an doiciméad sin a chomhdú leis an CRO gach bliain, cibé an bhfuil nó nach bhfuil an chuideachta i mbun trádála. Ní mór tuairisceán bliantúil na cuideachta a ullmhú cothrom le dáta gach bliain nach déanaí ná dáta tuairisceáin bhliantúil na cuideachta agus ní mór é a chomhdú leis an CRO laistigh de 28 lá ón dáta a bhfuil sé ullmhaithe cothrom leis.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar chomhdú tuairisceáin bhliantúil, féach Bileog Faisnéise Uimh. 23, "Ceanglais maidir le Tuairisceán Bliantúil agus Ráitis Airgeadais".

3.2. I mbeagnach gach cás, ní mór ráitis airgeadais a bheith ag gabháil leis an tuairisceán sin; ní mór deireadh bliana airgeadais na ráiteas airgeadais sin a bheith tráth nach luaithe ná naoi mí roimh dháta an tuairisceáin. Chun cloí leis an gceanglas sin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach dáta tuairisceáin bhliantúil do chuideachta a athrú. Ní fhéadfar dáta tuairisceáin bhliantúil a athrú ach amháin má chomhlíontar na forálacha reachtúla ina n-íomláine, féach www.cro.ie > Tuairisceán Bliantúil

Go ginearálta, is iad seo a leanas doiciméid na ráiteas airgeadais:

- cóip den chlár comhardaithe*;
- cóip den chuntas brabúis agus cailteanais*;
- cóip de thuarascáil na stiúrthóirí; agus
- cóip de thuarascáil an iniúcháir.

Tá sé ina cheangal dlí go ndéanfaí na ráitis airgeadais atá marcáilte le * a iniúchadh (mura bhfuil an chuideachta díolmhaithe ina leith sin) agus go gclúdófaí iontu an tréimhse:

- i gcás an chéad tuairisceáin bhliantúil lena gcuirtear cuntais i gceangal, ón uair a corpraíodh an chuideachta, agus
- in aon chás eile, ó dheireadh na tréimhse atá clúdaithe sna ráitis airgeadais atá i gceangal leis an tuairisceán bliantúil roimhe sin a comhdaíodh leis an CRO,

agus ní mór iad a bheith ullmhaithe cothrom le dáta nach luaithe ná naoi mí roimh an dáta dá bhfuil an tuairisceán bliantúil ullmhaithe.

3.3. Sa chás nach ndéantar tuairisceáin a chomhdú in am, ní mór pionós nach beag um chomhdú déanach a íoc agus d'fhéadfadh an CRO dul i mbun gníomhaíochtaí forfheidhmithe breise.

Tuairisceáin a chomhdófar leis an CRO go déanach (i.e. níos mó ná 28 lá i ndiaidh dháta éifeachtach an tuairisceáin) tabhóidh siad pionós nach beag um chomhdú déanach, mar aon leis an táille

comhdaithe chaighdeánach €20 in aghaidh an tuairisceáin.

Beidh pionós €100 um chomhdú déanach dlite i ndiaidh spriocdháta comhdaithe na cuideachta, agus cuirfear pionós €3 in aghaidh an lae leis ina dhiaidh sin, suas go dtí uasmhéid €1,200 in aghaidh an tuairisceáin.

Tá na roghanna forfheidhmiúcháin seo a leanas ar fáil don CRO i ndáil le neamhchomhdú tuairisceán bliantúil:

(a) Ionchúiseamh (b) Urghaire chúirte (c) Baint den chlár

Na bearta forfheidhmiúcháin a mbaineann CRO úsáid astu, glactar san áireamh leo teist na cuideachta maidir le tuairisceán bliantúil a chomhdú le blianta beaga anuas. Má chomhdaítear tuairisceán bliantúil go déanach, bíonn éifeacht aige sin ar stair na cuideachta um chomhlíonadh agus d'fhéadfadh sé dá bharr go roghnódh an Oifig seo an chuideachta sin i gcomhair bearta forfheidhmiúcháin sna blianta amach romhainn.

Ina theannta sin, má chomhdaítear tuairisceán go déanach, dícháileofar an chuideachta i leith na díolúine ó iniúchadh a éileamh i ndáil leis na ráitis airgeadais a ghabhann le tuairisceán na bliana seo mar aon le tuairisceán bliantúil na chéad bhliana eile, fiú amháin má chomhlíonann an chuideachta na critéir incháilithe eile ar fad don díolúine ó iniúchadh i ndáil leis na blianta airgeadais atá clúdaithe ag na cuntais a ghabhann leis an dá thuairisceán.

3.4. Seoltar meabhrúcháin agus fógraí tábhachtacha eile chuig cuideachta ag a hoifig chláraithe mar a cuireadh í in iúl don CRO. Má tá an seoladh mícheart, d'fhéadfadh sé nach bhfaighfeá faisnéis thábhachtach maidir le do chuideachta. Is féidir oifig chláraithe gach cuideachta a sheiceáil ag www.cro.ie/search

Tá d'oibleagáid ar gach cuideachta oifig chláraithe a bheith aici sa Stát, agus ní fhéadfar uimhir Bhosca Poist a úsáid mar sheoladh. Úsáidtear foirm B2 chun an CRO a chur ar an eolas faoi athrú ar oifig chláraithe chuideachta, agus ní mór an fhoirm sin a sheachadadh ar an CRO laistigh de 14 lá tar éis aon athrú den sórt sin.

3.5. Féadfar foirmeacha áirithe – lena n-áirítear athrú seolta agus athrú ar stiúirthóir nó rúnaí – a chomhdú saor in aisce ag www.core.ie

Is slán agus is tapa an rud é fógra ar líne a thabhairt maidir le hathruithe ar shonraí cláraithe, agus tá sé saor in aisce. Is iontaoifa agus is éifeachtaí é ná páipéar a úsáid agus d'fhéadfadh sé go laghdófar an riarachán dá bharr. Is féidir foirmeacha a chomhlánú ar líne sa tsaoráid sin, na torthaí a phriontáil, a shíniú, agus a chur faoinár mbráid. Féadfar stádas na bhfoirmeacha a comhdaíodh go leictreonach a sheiceáil freisin tráth ar bith.

3.6. Tá sé de fhreagracht ar gach stiúirthóir a chinntiú nach bhfuil Acht na gCuideachtaí á shárú ag a chuideachta nó a cuideachta.

Luaitear go sonrath in Acht na gCuideachtaí 2014 (alt 223) go bhfuil sé de dhualgas ar gach stiúirthóir de chuid cuideachta a chinntiú go gcomhlíonann an chuideachta ceanglais Acht na gCuideachtaí.

(a) Ceanglais eile um chomhdú leis an CRO

Ní mór do stiúirthóir cuideachta a chinntiú freisin go gcuirfear na hathruithe faisnéise seo a leanas maidir leis an gcuideachta in iúl don CRO (tabhair faoi deara gur féidir a lán de na foirmeacha seo a chomhdú saor in aisce ag www.core.ie):

An rud atá le hathrú	Doiciméid atá le comhdú
an áit a bhfuil cláir reachtúla na cuideachta (clár na gcomhaltaí, na stiúirthóirí agus na rúnaithe, sealbhóirí bintiúr, conarthaí seirbhíse na stiúirthóirí, leasanna in-nochta, leabhair na miontuairiscí srl).	Foirm B3

an bunreacht, lena n-áirítear caipiteal údaraithe	Foirm G1/G1Q agus an bunreacht nua
sonraí maidir lena stiúirthóirí agus/nó rúnaí	Foirm B10
sonraí an duine cláir atá údaraithe ag an mbord stiúirthóirí	Foirm B46
an scairchaipiteal eisithe	Foirm B5/B7/H5
an caipiteal údaraithe (méadú)	Foirm B4

(b) Fógra don CRO faoi fhoirceannadh stiúirthóireachta

Tá d'oibleagáid ar chuideachta fógra a thabhairt don CRO laistigh de 14 lá maidir le haon athrú ar a cuid stiúirthóirí nó ar aon sonraí maidir lena cuid stiúirthóirí (i.e. athrú seolta). Is í **Foirm B10** an fhoirm chuí. I gcás ina ndearnadh sárú ar an oibleagáid sin, beidh an chuideachta agus gach oifigeach don chuideachta ciontach i gcion.

Ní mór don Fhoirm B10 a bheith sínithe ag oifigeach **reatha** don chuideachta; ní fhéadfaí oifigeach atá éirithe as í a shíneadh. Diúltóidh CRO an **Foirm B10** agus seolfaidh sé ar ais chuig an láithreoir í in imthosca ina bhfágfaidh foirceannadh na stiúirthóireachta arna chur in iúl ar an bhfoirm go mbeadh an chuideachta cláraithe gan aici ach níos lú ná an líon reachtúil íosta stiúirthóirí (beirt) mura rud é go bhfuil an chuideachta corpraithe mar Chuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (Cuideachta TEO) faoi Acht na gCuideachtaí nó go ndearnadh í a chomhshó ina cuideachta den chineál sin. Is féidir gan ach aon stiúirthóir amháin a bheith ag cuideachta TEO.

I gcás ina bhfágann foirceannadh stiúirthóireachta, arna chur in iúl don CRO ar an bhFoirm B10, an chuideachta gan stiúirthóir ar bith aici a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), ba chóir don chuideachta banna faoi alt 137 a thaisceadh leis an B10, nó deimhniú a fháil faoi alt 140. Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoin riachtanas go mbeadh stiúirthóir amháin ar a laghad ag cuideachta a bhfuil cónaí air nó uirthi i mBallstát, féach Bileog Faisnéise Uimh. 17, “Ceanglas chun Stiúirthóir a Chónaíonn i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith ag Cuideachta”.

Má mhainníonn cuideachta Foirm B10 a thaisceadh i leith duine atá scortha de bheith ina stiúirthóir ar an gcuideachta sin, tá nós imeachta ann trínar féidir leis an iar-stiúirthóir é a chur in iúl don CRO, ar an bhFoirm B69, gur mhainnigh an chuideachta na doiciméid chearta a chomhdú. Féach Bileog Faisnéise Uimh. 18, “Fógra Éirí As Oifig Ag Stiúirthóir/Rúnaí”.

4. Príomhdhualgais Mhuinéineacha Stiúirthóra

Tá na príomhfhreagrachtaí muinéineacha atá ar stiúirthóir leagtha amach i gCuid 5 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Ceanglaítear ar stiúirthóir gníomhú de mheon macánta, gníomhú go hionraic agus go freagrach agus gníomhú de réir bhunreacht na cuideachta. Ceanglaítear ar na stiúirthóirí aird a bheith acu ar leasanna fhostaithe na cuideachta mar aon le leas na gcomhaltaí. Faoi alt 231 den Acht, tá an dualgas ar stiúirthóirí aon leas atá acu i gconarthaí arna ndéanamh ag an gcuideachta a nochtadh. Ní uileghabhálach iad na dualgais atá leagtha amach san Acht agus beidh ar stiúirthóirí fós smaoineamh ar chomhairle dlí a fháil maidir lena gcuid dualgas a chomhlíonadh.

Sonraítear in alt 228:

1) Maidir le stiúirthóir cuideachta—

- (a) gníomhóidh sé nó sí de mheon macánta ar mhaithe le leasanna na cuideachta, de réir bhreithniú an stiúirthóra;
- (b) gníomhóidh sí nó sí go hionraic agus go freagrach i ndáil le seoladh ghnóthaí na cuideachta;
- (c) gníomhóidh sé nó sí de réir bhunreacht na cuideachta agus feidhmeoidh sé nó sí a chuid nó a cuid cumhachtaí chun na gcríoch a cheadaítear le dlí agus iadsan amháin;
- (d) ní úsáidfidh sé nó sí maoin, faisnéis nó deiseanna na cuideachta chun a leasa féin nó chun leasa duine ar bith eile mura rud é—
 - (i) go bhfuil sé sin ceadaithe go sainráite i mbunreacht na cuideachta; nó
 - (ii) go bhfuil an úsáid sin ceadaithe le rún de chuid na cuideachta i gcrúinniú ginearálta;
- (e) ní tholeoidh sé nó sí srian a chur ar chumhacht an stiúirthóra chun breithiúnas neamhspleách a dhéanamh mura rud é—
 - (i) go bhfuil sé sin ceadaithe go sainráite i mbunreacht na cuideachta; nó

- (ii) go dtagann an cás lena mbaineann faoi réim fho-alt (2);
- (f) seachnóidh sé nó sí aon choimhlint idir dualgais an stiúrthóra i leith na cuideachta agus leasanna eile (lena n-áirítear leasanna pearsanta) an stiúrthóra ach amháin má scaoiltear an stiúrthóir ón dualgas atá air nó uirthi don chuideachta i ndáil leis an ní lena mbaineann, cibé acu de réir fhorálacha bhunreacht na cuideachta ina leith sin nó le rún ina leith i gcrúinniú ginearálta;
- (g) feidhmeoidh sé nó sí an cúram, an scil agus an dúthracht a bheadh á bhfeidhmiú sna himthosca céanna ag duine réasúnta ag a bhfuil—
- (i) an t-eolas agus an taithí a d'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnta a bheadh ag duine a mbeadh an seasamh céanna aige nó aici agus atá ag an stiúrthóir; agus
- (ii) an t-eolas agus an taithí atá ag an stiúrthóir;
- agus
- (h) i dteannta an dualgais ghinearálta faoi alt 224 (an dualgas aird a thabhairt ar leasanna a cuid fostaithe i gcoitinne), aird a thabhairt ar leasanna a comhaltaí.

(2) Má mheasann stiúrthóir cuideachta de mheon macánta gur ar mhaithe leis an gcuideachta é dul i mbun idirbheart nó rannpháirtíochta agus feidhm a thabhairt dó nó di, féadfaidh an stiúrthóir srian a chur le cumhacht an stiúrthóra chun breithiúnas neamhspleách a fheidhmiú san am atá le teacht trí thoilíú a bheith ag gníomhú ar bhealach ar leith d'fhonn é sin a bhaint amach.

(3) Gan dochar do dhualgas an stiúrthóra faoi fho-alt (1)(a) chun gníomhú de mheon macánta ar mhaithe le leasanna na cuideachta, de réir bhreithniú an stiúrthóra, féadfaidh stiúrthóir cuideachta aird a thabhairt ar leasanna comhalta áirithe de chuid na cuideachta sna himthosca seo a leanas.

(4) Is iad na himthosca sin an cás ina bhfuil an stiúrthóir ceaptha nó ainmnithe lena cheapadh nó lena ceapadh ag an gcomhalta sin, ar comhalta é nó í ag a bhfuil teideal chun a cheapadh nó a ainmniú amhlaidh faoi bhunreacht na cuideachta nó faoi chomhaontú scairshealbhóirí.

5. Tuairisceán Bliantúil agus Ráiteas Comhlíontachta

Faoi alt 225 d'Acht na gCuideachtaí 2014, cuirtear d'oibleagáid ar stiúrthóirí cuideachtaí áirithe ráiteas comhlíontachta a chomhlánú chomh maith leis an ráiteas a cheanglaítear faoi alt 325.

- Féadfar cuideachtaí a dhíolmhú faoi aicme (g) d'alt 943(1) más cuideachtaí cáilitheacha iad de réir bhrí alt 110 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (arna chur isteach le halt 48 den Acht Airgeadais 2003).
- Cuideachtaí neamhtheoranta
- Tá cuideachtaí **díolmhaithe mura cuideachtaí ábhartha iad**. (níl an díolmhú sin ar fáil i gcás Cuideachtaí Poiblí Teoranta).

Chun críocha an ailt sin, is ionann cuideachtaí ábhartha agus iad siúd a bhfuil iomlán a gclár comhardaithe níos mó ná **€12,500,000** agus cuideachtaí a bhfuil a **láimhdeachas don bhliain níos mó ná €25,000,000**.

(Is ionann an ráiteas faoi alt 325 agus tuarascáil na stiúrthóirí, nach mór a áireamh inti tuarascáil ar ábhair ghinearálta i ndáil leis an gcuideachta, athbhreithniú gnó, faisnéis ar fháil nó diúscairt scaireanna na cuideachta féin, faisnéis ar na leasanna i scaireanna nó i mbintíúir agus ráiteas ar fhaisnéis iniúchóireachta iomchuí).

Ní mór go n-admhófaí sa ráiteas comhlíontachta go bhfuil na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh an chuideachta a cuid oibleagáidí iomchuí.

Maidir le gach ceann de na rudaí a shonraítear thíos á dheimhniú go bhfuil an rud déanta, nó nach bhfuil sé déanta, á shonrú na gcúiseanna nach bhfuil sé déanta.

1. Ullmhú ráitis (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear in Acht na gCuideachtaí 2014, "ráiteas beartais um chomhlíonadh", ina leagfar amach beartais na cuideachta (is iomchuí don chuideachta, i dtuairim na stiúrthóirí) maidir leis an gcuideachta do chomhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí;
2. Cur i bhfeidhm socruithe oiriúnacha nó struchtúr oiriúnach atá, i dtuairim na stiúrthóirí, ceaptha chun comhlíonadh ábhartha oibleagáidí iomchuí na cuideachta a áirithiú;
3. Déanamh athbhreithnithe, i rith na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil, ar aon

socruithe nó struchtúir dá dtagraítear i gcuid 2 atá curtha i bhfeidhm. Féadfar go n-áireofaí leis na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i bpointe 2, má chinneann stiúrthóirí na cuideachta amhlaidh dá rogha féin, brath ar chomhairle duine nó daoine atá fostaithe ag an gcuideachta nó fostaithe aici faoi chonradh le haghaidh seirbhísí, ar duine é nó í a ndealraíonn sé do na stiúrthóirí ag a bhfuil an t-eolas agus an taithí is gá chun comhairle a chur ar an gcuideachta maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí.

Na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i bpointe 2, measfar gur ceapadh iad chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an chuideachta lena mbaineann a cuid oibleagáidí iomchuí go hábhartha má chuirtear ar fáil leo dearbhú réasúnta ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin ar gach slí ábhartha.

Is cion chatagóir 3 é mainneachtain déanamh de réir alt 225, maidir le gach stiúrthóir a rinne mainneachtain.

6. Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá an oibleagáid ann tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais.

Faoi alt 325(1), ullmhóidh stiúrthóirí cuideachta, maidir le gach bliain airgeadais, tuarascáil (“tuarascáil na stiúrthóirí”) ina ndéileálfar leis na nithe seo a leanas—

- ábhair ghinearálta i ndáil leis an gcuideachta agus na stiúrthóirí;
- athbhreithniú gnó.
- faisnéis maidir le fáil nó diúscairt a scaireanna féin;
- faisnéis maidir le leasanna i scaireanna nó i mbintíúir. Féach thíos;
- ráiteas ar fhaisnéis iniúchóireachta iomchuí.

Tá sé sin de bhreis ar na ceanglais eile san Acht seo a bhfuil feidhm acu i gcásanna áirithe maidir le cuimsiú nithe i dtuarascáil stiúrthóirí, eadhon ceanglais –

- alt 167(3) (Ceanglaítear in Alt 167(3) go sonródh bord stiúrthóirí cuideachta móire* sa tuarascáil cibé ar bhunaigh nó nár bhunaigh an chuideachta coiste iniúchóireachta agus an chúis is bun lena gcinneadh murar bhunaigh siad ceann) agus
- alt 225 (2) (ráiteas comhlíontachta na stiúrthóirí i gcás cuideachta a bhfuil feidhm ag an alt sin ina leith**)

*Tá cuideachtaí díolmhaithe i leith alt 167(3) mura rud é gur cuideachtaí mórmhéide iad. Chun críocha an ailt sin, is ionann cuideachtaí ábartha agus iad siúd a bhfuil **iomlán a gclár comhardaithe níos mó ná €25,000,000** agus cuideachtaí a bhfuil a **láimhdeachas don bhliain níos mó ná €50,000,000**.

** Tá cuideachtaí **díolmhaithe mura cuideachtaí mórmhéide iad**. Chun críocha an ailt sin, is ionann cuideachtaí ábhartha agus iad siúd a bhfuil **iomlán a gclár comhardaithe níos mó ná €12,500,000 agus cuideachtaí a bhfuil a láimhdeachas don bhliain níos mó ná €25,000,000**.

Cion

Má mhainníonn stiúrthóir a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoi alt 325 a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion chatagóir 3. Áirítear le stiúrthóir duine ar cúlstiúrthóir nó stiúrthóir de facto é nó í.

Grúphtuarascáil na Stiúrthóirí

Maidir le bliain airgeadais inarb amhlaidh—

- gur cuideachta shealbhaíochta í an chuideachta; agus
- go n-ullmhaíonn stiúrthóirí na cuideachta grúpráitis airgeadais,

ullmhóidh na stiúrthóirí freisin tuarascáil stiúrthóirí ar tuarascáil chomhdhlúite í (“**grúphtuarascáil stiúrthóirí**”) ina ndéileálfar, a mhéid a fhoráiltear sna forálacha seo a leanas den Chuid seo, leis an gcuideachta agus a cuid foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú arna nglacadh ina n-iomláine.

I gcás ina bhfoilsítear grúpráitis airgeadais le ráitis airgeadais na n-aonán, is leor grúphtuarascáil na stiúrthóirí (ar leith ón tuarascáil sin agus tuarascáil stiúrthóirí i ndáil leis an gcuideachta shealbhaíochta freisin) ar choinníoll go gcuirfead ar fáil i ngrúphtuarascáil na stiúrthóirí aon fhaisnéis a bhaineann leis an gcuideachta shealbhaíochta amháin, ar faisnéis í a cheanglófaí murach sin a chur ar fáil faoi alt

325(1) nó alt 167(3) nó alt 225(2) (ráiteas comhlíontachta na stiúrthóirí).

Is féidir le grúpthuarascáil na stiúrthóirí, nuair is cuí, níos mó béime a leagan ar na nithe atá suntasach don chuideachta agus a cuid foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú arna nglacadh ina n-iomláine.

6.1 Ábhair ghinearálta le tuairisciú i dTuarascáil na Stiúrthóirí

Déileáiltear in alt 326 go dtí alt 332 leis an méid nach mór a shonrú i dtuarascáil na stiúrthóirí i leith bliain airgeadais—

- ainmneacha na ndaoine a bhí, aon tráth i rith na bliana airgeadais, ina stiúrthóirí ar an gcuideachta;
- príomhghníomhaíochtaí na cuideachta i rith na bliana;
- ráiteas faoi na bearta a rinne na stiúrthóirí chun comhlíonadh a áirithiú maidir leis na taifid chuntasaíochta a choinneáil agus an áit bheacht ina gcoinnítear na taifid sin; (Féach alt 281 go dtí alt 285),
- méid aon díbhinní eatramhacha a d'íoc na stiúrthóirí i rith na bliana agus an méid, más ann, a mholann na stiúrthóirí a íoc mar dhíbhinn deiridh.

Más ábhartha i mbliain airgeadais ar leith, sonrófar i dtuarascáil na stiúrthóirí—

- sonraí i dtaobh aon teagmhais thábhachtacha a rinne difear don chuideachta agus a tharla ó dheireadh na bliana sin;
- léiriú ar ghníomhaíochtaí, más ann, na cuideachta sa réimse taighde agus forbartha;
- léiriú ar bhraintí (de réir bhrí Threoir 89/666/CEE ón gComhairle) de chuid na cuideachta a bheith lasmuigh den Stát agus an tír ina bhfuil gach brainse den sórt sin suite;
- síntiúis pholaitíochta i rith na bliana a cheanglaítear a nochtadh faoin Acht Toghcháin 1997.

Sa chás inarb ábhartha é do mheasúnú ar staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na cuideachta, déanfar cur síos i dtuarascáil na stiúrthóirí ar an úsáid a bhain an chuideachta as ionstraimí airgeadais, agus pléifear inti, go háirithe –

- cuspóirí agus beartais na cuideachta um bainistíocht riosca airgeadas, lena n-áirítear an beartas maidir le fálú gach mórchineáil idirbhirt réamh-mheasta dá n-úsáidtear cuntasaíocht fálaithe; agus
- risíocht na cuideachta ar phraghasriosca, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca sreafa airgid.

Grúpthuarascáil na stiúrthóirí: Maidir le grúpthuarascáil na stiúrthóirí, is ionann tagairt don chuideachta agus tagairt don chuideachta agus a cuid foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú.

6.2 Tuarascáil na stiúrthóirí: athbhreithniú gnó. (alt 327)

Ní mór go gcuimseofaí freisin i dtuarascáil na stiúrthóirí do bhliain airgeadais, athbhreithniú ar ghnó na cuideachta agus tuairisc ar na príomhrioscaí agus na héiginnteachtaí atá le sárú ag an gcuideachta. Beidh an t-athbhreithniú ina anailís chothrom, chuimsitheach –

- ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht ghnó na cuideachta le linn na bliana airgeadais; agus
- ar shócmhainní agus dliteanais agus seasamh airgeadais na cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais, i gcomhréir le méid agus castacht an ghnó.

Áireofar san athbhreithniú, a mhéid is gá chun tuiscint a thabhairt ar an bhforbairt, ar an bhfeidhmíocht nó an seasamh airgeadais nó na sócmhainní agus dliteanais sin —

- anailís ar phríomhtháscairí feidhmíochta airgeadais*; agus
- nuair is cuí, anailís ag baint úsáide as príomhtháscairí feidhmíochta neamhairgeadais, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cúrsaí comhshaoil agus cúrsaí fostaithe.

Más iomchuí, áireofar i dtuarascáil na stiúrthóirí mínithe breise ar shuimeanna atá san áireamh i ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta agus áireofar inti léiriú ar fhorbairtí dóchúlacha amach anseo i ngnó na cuideachta.

Grúpthuarascáil na stiúrthóirí: Is ionann tagairt don chuideachta agus tagairt don chuideachta agus a cuid foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú.

*Ciallaíonn **príomhtháscairí feidhmíochta** tosca ar féidir forbairt, feidhmíocht agus staid airgeadais ghnó na cuideachta a thomhas go héifeachtach trí thagairt dóibh.

6.3 Tuarascáil na stiúrthóirí: fáil nó diúscairt scaireanna na cuideachta féin. (alt 328)

Más rud é, tráth ar bith i rith bliain airgeadais de chuid cuideachta—

- go sealbhóidh nó go bhfaighidh an chuideachta scaireanna sa chuideachta féin, lena n-airítear trí fhorghéilleadh nó trí thabhairt suas in ionad forghéilleadh; nó
- go sealbhóidh nó go bhfaighidh aon fhoghnóthas de chuid na cuideachta scaireanna sa chuideachta féin, sonrúfar i dtuarascáil na stiúrthóirí i leith bhliain airgeadais sin na cuideachta—

(i) líon agus luach ainmniúil aon scaireanna de chuid na cuideachta arna sealbhú ag an gcuideachta nó ag aon fhoghnóthas ag tús agus ag deireadh na bliana airgeadais mar aon leis an gcomaoin a íocadh ar na scaireanna sin;

(ii) réiteach idir líon agus luach ainmniúil na scaireanna sin ó thús na bliana airgeadais go dtí deireadh na bliana airgeadais, ina léirítear gach athrú le linn na bliana lena n-airítear fáiltais, diúscairtí agus cealuithe eile, agus léireofar i ngach cás luach na comaoine a íocadh nó a fuarthas, más ann.

(iii) na cúiseanna le haon héadálacha a rinneadh i rith na bliana airgeadais agus

(iv) an cion den glaoite scairchaipitil ar siúl ag tús agus ag deireadh na bliana airgeadais.

6.4 Tuarascáil na stiúrthóirí: leasanna i scaireanna agus i mbintíúir. (Alt 329)

Sonrúfar i dtuarascáil na stiúrthóirí i leith bliain airgeadais, maidir le gach duine a bhí, ag deireadh na bliana sin*, ina stiúrthóir ar an gcuideachta—

- cé acu an raibh nó nach raibh leas aige nó aici, ag deireadh na bliana airgeadais sin, i scaireanna sa chuideachta nó in aon ghrúpgnóthas de chuid na cuideachta sin, nó i mbintíúir dá gcuid;
- má bhí leas aige nó aici amhlaidh ag deireadh na bliana sin, líon agus méid na scaireanna sa chuideachta agus i ngach gnóthas eile (agus é á shonrú) ina raibh leas aige nó aici an tráth sin, nó i mbintíúir dá gcuid;
- cibé an raibh leas aige nó aici, ag tús na bliana airgeadais (nó, más rud é nach raibh sé nó sí ina stiúrthóir an tráth sin, nuair a tháinig sé nó sí chun bheith ina stiúrthóir), i scaireanna sa chuideachta nó in aon ghrúpgnóthas eile, nó i mbintíúir dá gcuid; agus
- má bhí leas aige nó aici amhlaidh ag ceachtar de na dátaí díreach roimhe sin, líon agus méid na scaireanna sa chuideachta agus i ngach gnóthas eile (agus é á shonrú) nó i mbintíúir dá gcuid ina raibh leas aige nó aici amhlaidh ag tús na bliana airgeadais, nó, de réir mar a bheidh, nuair a tháinig sé nó sí chun bheith ina stiúrthóir.

Tabharfar an fhaisnéis sin freisin maidir leis an rúnaí.

Is ionann tagairtí do leasanna stiúrthóra agus rúnaí i scaireanna nó i mbintíúir agus tagairtí do gach leas a cheanglaítear a thaifeadadh i gclár na leasanna (Alt 267 d'Acht na gCuideachtaí 2014) agus foláitear leo freisin leasanna cúlstiúrthóirí agus stiúrthóirí de facto a cheanglaítear a chlárú amhlaidh.

*Forléireofar an t-am a tháinig duine chun bheith ina stiúrthóir, i gcás duine a tháinig chun bheith ina stiúrthóir níos mó ná uair amháin, mar thagairt don am a tháinig sé nó sí chun bheith ina stiúrthóir den chéad uair. (alt 329(2)).

6.5 Tuarascáil na stiúrthóirí: ráiteas ar fhaisnéis iniúchóireachta iomchuí. (alt 330)

Cuimseofar i dtuarascáil na stiúrthóirí i ndáil le cuideachta ráiteas á rá, i gcás gach ceann de na daoine is stiúrthóirí an tráth a cheadófar an tuarascáil —

- a mhéid is eol don stiúrthóir, nach ann d'aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha a bhfuil iniúchóirí reachtúla na cuideachta aineolach ina leith; agus
- gur ghlac an stiúrthóir na bearta go léir ar ceart a bheith glactha aige nó aici i gcáil stiúrthóra d'fhonn é féin nó í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus a áirithiú go bhfuil iniúchóirí reachtúla na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go meastar gur ghlac stiúrthóirí gach beart ar chóir a bheith glactha aige nó aici i gcáil stiúrthóra d'fhonn na rudaí atá luaite thuas a dhéanamh, más amhlaidh—

- go ndearna sé nó sí cibé ceistiú ar stiúrthóirí eile na cuideachta (más ann) agus ar iniúchóirí reachtúla na cuideachta chun na críche sin; agus
- gur ghlac sé nó sí cibé bearta eile (más ann) chun na críche sin, de réir mar is gá faoina chuid nó a cuid dualgas mar stiúrthóir ar an gcuideachta chun cúram, scil agus dúthracht réasúnta a fheidhmiú.

I gcás ina ndéantar tuarascáil stiúrthóirí ina mbeidh an ráiteas a cheanglaítear faoin alt seo a cheadú ach ina bhfuil an ráiteas bréagach, beidh gach stiúrthóir de chuid na cuideachta—

- (a) a raibh a fhios aige nó aici go raibh an ráiteas bréagach, nó a bhí meargánta i dtaobh cibé an raibh sé bréagach nó nach raibh; agus
- (b) a mhainnigh bearta réasúnta a ghlacadh chun an tuarascáil a chosc ó bheith ceadaithe amhlaidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion chatagóir 2.

6.6 Faomhadh agus síniú tuarascáil na stiúrthóirí. (alt 332)

Beidh tuarascáil na stiúrthóirí, agus, i gcás inarb infheidhme, grúpthuarascáil na stiúrthóirí, ceadaithe ag an mbord stiúrthóirí a bhfuil an tuarascáil á déanamh acu agus sínithe thar a gceann ag beirt stiúrthóirí, áit a bhfuil beirt nó níos mó stiúrthóirí ag an gcuideachta. (Sa chás inar cuideachta TEO í an cuideachta faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus ina bhfuil stiúrthóir amháin aici, ní mór don stiúrthóir sin an tuarascáil nó na tuarascálacha atá i gceist a cheadú agus a shíniú).

Sonrófar i ngach cóip de gach tuarascáil stiúrthóirí arna leagan faoi bhráid na gcomhaltaí i gcruinniú ginearálta nó arna scaipeadh, arna foilsiú nó arna heisiúint ar shlí eile, ainmneacha na ndaoine a shínigh í thar ceann an bhoird stiúrthóirí.

Maidir le halt 325 (1)(c) – faisnéis maidir le leasanna i scaireanna agus i mbintíúir mar a shonraítear in alt 329 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus alt 329 é féin – níl feidhm acu maidir le Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR) nó Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta gan scairchaipiteal (CPNT).

7. Srianata agus Dícháiliúcháin

Cionta

Déantar foráil san Acht do chionta a chur i gceithre chatagóir, Catagóir 1 go dtí Catagóir 4. Tríd síos san Acht, cuirtear na cionta arna gcruithú i gcatagóirí maidir leis an gcatagóir phionóis ar leith atá ag gabháil leo.

Srianadh agus Dícháiliú

Is féidir leis an Ard-Chúirt stiúrthóirí cuideachta a shrianadh nó a dhícháiliú ó ghníomhú mar oifigeach do chuideachta nó féadfaidh stiúrthóirí glacadh le dícháiliú nó srianadh ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) gan an gá dul chun na hArd-Chúirte.

Tá an riachtanas um shrianadh leasaithe faoi Acht nua na gCuideachtaí 2014. Ionas gur féidir le stiúrthóirí srianata gníomhú i ndáil le cuideachta, ní mór nach lú luach ainmniúil an scairchaipitil leithroinnte ná €500,000 i gcás cuideachta phoiblí theoranta (seachas cuideachta infheistíochta) nó cuideachta neamhtheoranta phoiblí nó €100,000 i gcás aon chineál cuideachta eile. Beidh gach scair íochta (in airgead) go dtí méid comhiomlán nach lú ná na figiúirí atá luaite thuas lena n-áirítear iomlán aon phréimhe ar an scair sin.

Maidir le cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta, ní mór nach lú ná €100,000 an ranníocaíocht don chuideachta ó chomhalta nó chomhaltaí. Ní mór gur duine aonair, seachas comhlacht corpraithe, é nó í an comhalta.

I ndáil le cuideachta infheistíochta, ní mór luach ar a laghad €100,000 a bheith ag an scairchaipiteal eisiithe. Ní mór ar a laghad €100,000 in airgead tirim a íoc i gcomaoin ar leithroinnt na scaireanna sa chuideachta.

Maireann an srianadh ar feadh 5 bliana. Is féidir tréimhsí éagsúla a bheith leagtha síos maidir le dícháiliú ach bheadh an gnáth-thréimhse dícháiliúcháin cothrom le 5 bliana freisin.

Is féidir srianadh a dhéanamh i ndáil le cuideachta dhócmhainneach mura deimhin leis an gCúirt gur fheidhmigh an duine go freagrach agus go macánta i ndáil le seoladh ghnóthaí na cuideachta nó gur chomhoibrigh sé nó sí leis an leachtaitheoir maidir le seoladh fhoirceannadh na cuideachta, nó más cóir agus cothromasach é i súile na cúirte nach ndéanfaí an srianadh.

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie